

# Rannta – Pacáiste 2

## Micilín Muc



## Hup, hup a chapaillín



## Mise



## Aon, Dó



## Mo Chircín Dubh



## Dhá Éinín Dheasa




## An Hócaí Pócaí



## Timpeall, timpeall



## Aindí Leisciúil



## Íne Míne Maighne Mó



Clódóirí CL Print - 091-506597


# Mise

Mise an traein,
Puff, puff, puff.

Mise an madra,
Bhuf, bhuf, bhuf.

Mise an bus,
Bíp, bíp, bíp.

Mise an sicín,
Síp, síp, síp.




Traein




Madra




Bus




Sicín

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

# Aon Dó

Aon, dó,
Capall agus bó.

Trí, ceathair,
Bróga leathair.

Cúig, sé,
Cupán tae.

Seacht, ocht,
Seanbhean bhocht.

Naoi, deich,
Cáca te.



**Capall agus Bó**




**Bróga**



**Tae**




**Seanbhean bhocht**



**Cáca te**

Comhar Naíonraí na Gaeltachta




# Mo Chircín Dubh

Gugalaí gug mo chircín dubh.
Suíonn sí ar nead agus beireann sí ubh.
Ubh inné agus ubh inniu.
Gugalaí, gug mo chircín dubh.


Gugalaí gug mo chircín dubh.
Suíonn sí ar nead agus beireann sí ubh.
Ubh inné agus ubh inniu.
Gugalaí, gug mo chircín dubh.

# Dhá Éinín Dheasa

Dhá éinín dheasa,
Thuas ar an gcrann,
Seo é Peadar,
Seo é Seán.
Imigh uaim, a Pheadair!
Imigh uaim, a Sheáin!
Tar ar ais, a Pheadair!
Tar ar ais, a Sheáin!



**Peadar Seán**



**Crann**

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

# An Hócaí Pócaí

Cuir do dhá lámh isteach
Is do dhá lámh amach.
Do dhá lámh isteach
Is amach, isteach, amach.
Déan an Hócaí Pócaí
Agus cas, cas thart,
Sin mar a dhéantar é.


Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Sin mar a dhéantar é.

Cuir do dhá lámh suas
Is do dhá lámh síos.
Do dhá lámh suas
Agus síos is suas arís.
Déan an Hócaí Pócaí
Agus cas, cas thart,
Sin mar a dhéantar é.

Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Ó Hócaí Pócaí Pócaí
Sin mar a dhéantar é.

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta





dhá lámh isteach




dhá lámh amach



cas, cas thart



dhá lámh suas



dhá lámh síos



cas, cas thart